Údarás na Gaeltachta

Scoláireacht sa bPleanáil Teanga

Tá Scoláireacht sa bPleanáil Teanga a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iarratasóirí Gaeltachta a bhfuil líofacht Ghaeilge acu. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ard Oifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Co na Gaillimhe.

Mar chuid den scoláireacht cuirfear taithí phraiticiúil ar fáil i réimse oibre na pleanála teanga agus na forbartha pobail.

Duine cumasach, díograiseach le cáilíocht tríú leibhéal bainte amach aige/aici i réimse na pleanála teanga/forbartha pobail le spéis faoi leith i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta atá á lorg. Beidh an té a cheapfar ag obair ar thograí éagsúla pleanála teanga sa Ghaeltacht i gcomhar le Foireann Pleanála Teanga an Údaráis.

Ní mór d'iarrthóirí ard chaighdeán scríobh agus labhairt na Gaeilge a bheith acu chomh maith le scileanna taighde, anailíse, ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin.

Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 sa bhliain mar aon le costais leis an té a cheapfar.

Seol iarratas mar aon le CV as Gaeilge, roimh 4pm Dé Luain, 24 Meitheamh 2019 chuig:

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 503100 **Ríomhphost:** foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.